

An Tromdhámh

FEARGAL Ó BÉARRA



An Chéad Eagrán 2018
© Feargal Ó Béarra 2018

ISBN 978 1 911363 21 7

Gach ceart ar cosaint. Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a chur i gcomhad athfhála, ná a tharchur ar aon mhodh ná slí, bíodh sin leictreonach, meicniúil, bunaithe ar fhótachóipeáil, ar thairfeadh nó eile, gan cead a fháil roimh ré ón bhfoilsitheoir.

Clóchur agus dearadh: Caomhán Ó Scolaí
Clódóireacht: Clódóirí Lurgan



Foras na Gaeilge

Tugann Foras na Gaeilge tacáocht do Leabhar Breac

Leabhar Breac, Indreabhán, Co. na Gaillimhe.
www.leabharbreac.com

TOSACH SCÉIL SIOSMA: RÍ UASAL AMHRA
a bhí ar Oiriallaibh tráth, Aodh mac Duach Duibh. In aon-aimsir leis a mhair an tAodh eile, Aodh Fionn mac Feargna, rí céadach coscrach Bhréifne. Fear cosantach cróga, agus a údar aige, ab ea Aodh Oiriall óir bhí sciath aige, Dubhghiolla, agus ba bhua dá buaibh gach aon dá naimhdibh a chíodh i láthair catha í nach bhfágtaí neart mná seoil ann. Ba mhaidhm roimpi ar gach conair a dtéadh. Bhíodh sé ina shíor-imreas agus ina aighneas éigríochta idir an bheirt sin ionas gach dea-ghníomh a ghníodh duine acu nach sásódh aon ní an duine eile ach a shárú de dheaghníomh a dhéanamh é féin.

Oíche dá raibh Aodh Fionn agus Dallán Forgaill, Rí-Éigeas Éireann, i dteannta a chéile i gcoirmtheach cluthar de chuid na Bréifne gur tharla an chaint seo eatarthu: ‘Is mór an fhéile a fhaigheann tú uaimse, a Dhalláin, agus is tearc neach sna seacht ríochtaí is fairsinge ná is féile ná mé.’

‘Ní hionadh sin,’ arsa Dallán, ‘óir is mór é m’onóir in ainneoin mo dhaille in Albain agus i Sacsain, sa

Bhreatain agus sa Fhrainc ós agam atá ollúnacht gach críche díobh sin.'

'Más ea féin,' arsa Aodh, 'is mó go mór a bheirimse ó thurghbháil go fuine duit ná a dtugann aon rí acu siúd duit idir dhá inn a n-aoise. Óir an t-am a dtéann tusa ar cuairt ollúnachta i gcríoch chian choimhthíoch, agus a dteastaíonn bó uait, cuirimse bó ina hionad, agus an t-am a dteastaíonn each nó crú nó pingin uait, cuirimse each nó crú nó pingin in ionad gach ní díobh sin ionas go bhfaighe tusa do chrodh agus d'ionnús iomlán ar theacht ar ais duit.'

'Is fíor nach bréag duit sin,' arsa Dallán, 'ach más ea féin, nach duitse, agus nach duitse amháin, a bhéaraimse scoth m'calaíne agus caoin mo cheirde, de dhroim dlite, a chiste na gcliar?'

'Is fíor, dar m'anam,' arsa Aodh, 'is fíor.'

'Ach abair seo liom, a Aodh, cén chúis an chaint seo?'

'Tá,' a deir Aodh, 'an té sin atá faoi chomhnós liomsa, Rí Oiriail; is cóir duitse gach ní dá n-iarrfair air a fháil uaidh.'

'Agus, ar ndóigh, nach mbeadh an méid sin agus a sheacht n-oiread le fáil agam uaidh ach sin a iarraidh? Óir in éagmais a fhlaithéasa,' arsa Dallán, 'níl aige aon ní nach dtabharfadh domsa.'

'Ní baoth go dtí é, a Dhalláin,' arsa Aodh Fionn ansin leis.

'Cén chiall sin?'

‘Nach mór de do chloigeann atá folamh! Tá aige siúd ní nach dtabharfaidh duitse ach í a iarraidh agus inseoidh mise duitse cén ní sin. Tá sciath aige, Dubhghiolla, agus is léi a ghabh seisean forneart is forlámhas riamh ó ghabh sé ríge is oireachas Oiriall, agus is léi a ghabhann fós go deimhin. Is léi a chosnaíonn sé Oirialla ó imeall go himleacán. Agus sin ní nach dtabharfaidh seisean duitse.’

‘Ní achainí fíoréigis sin,’ arsa Dallán, ‘óir dá mba ea, d’iarrfainn í.’

‘Murab ea féin, tabharfaidh mise a luach duitse — céad de gach crodh dá bhfuil agam — ach tusa a dhul á hiarraidh,’ arsa Aodh Fionn.

‘Rachadsa, más ea, á hiarraidh,’ arsa Dallán, ‘agus mura bhfaighe mé uaidh í, aorfaidh mé é.’



THUGADAR AN OÍCHE SIN GO SÓCÚIL seascair sásta ansiúd gur éirigh Dallán le huair na maidine moiche arna mhárach gur gabhadh dó a eacha agus gur rug leis a thrí naonúr ollúna. Filleadh ná feacadh ní dhearna ach imeacht réimdhíreach go dún Rí Oiriall. Ar theacht ansiúd dó, agus ar chlos don rí Dallán a bheith ar an bhfaiche amuigh, tháinig chuige isteach gan fuireach gan fanacht gur thoirbhir an rí teora póga dile díochra dó gur tugadh Dallán ar formna fear thar thairseach an dúin isteach.

‘Ní fhágfaidh mé seo,’ a deir sé leis féin, ‘go mbeidh a fhios agam an bhfaighidh mé a n-iarraim.’

Iomthúsa an rí, chuir sé fleá is fuireag á réiteach ar cheann Dhalláin gona chliar. Tugadh chucu proinn céid de bhia is do leann: rogha gach bia — idir bhánbhia, dheargbhia, is ghlasbhia — agus togha gach dí — idir fhíon, leann is bhíotáille — gur chuir gach fear acu idir ollamh is fhíle cruit ar a thrinsiúr agus tarr air féin le teann craois agus cíocrais. Nuair a bhí a bproinn caite acu, d’éirigh Dallán. Shléacht a raibh i láthair roimhe cé is moite den rí. Ní sléachtadh a rinne seisean ach socht óir is maith a bhí a fhios aige nach ar thlás ná ar thime a bhí Dallán tagtha chuige. Ar deireadh, stoll sé a shocht gur labhair de dhrón dubhach dobrónach: ‘Céard í an achainí, a Dhalláin, céard í an achairt?’

Mar ba dhual don fhear dána, níor chuir Dallán fiacail ann.

‘Do sciathsa,’ a deir sé, ‘Dubhghiolla.’

‘Ní achainí fíoréigis sin,’ arsa an rí, ‘óir dá mba ea, gheofása í.’

Uídh ná aird níor thug Dallán ar an agairt sin ach an méid seo a rá, ‘Ní folamh ar fad a tháinigéas, a cheann na féile, óir thugas-sa duan chugat ar a son.’

‘Ba mhaith liomsa éisteacht le do dhuan,’ arsa an rí, ‘óir níor mhian leis toibhéim ná tarcaisne a thuilleamh uaidh.’

Mar seo do Dhallán:

A earr adha, a Aodh,
A dhaigh dhána dhúr,
A mhaith mar mhuir mhóir,
Cuirfidh mise sin ar gcúl.

Cuirfidh mise sin ar gcúl,
A Aodh mhic Duach Duibh.
Is maith mór do mhaoin,
Gan aoir is gan oil.

A ghrian d'aithle a reann,
Is adhfhuafar, dar liom,
A chlár fichill fhionn,
Go dtuilltear, a earr!

‘Ní shéanaim,’ a deir Aodh, ‘gur breá an duan í
— an té a thuigfeadh í.’

‘Ní hionadh fear d’aithnese á rá sin, cheana,’ arsa
Dallán. ‘Ach is beag an bhrí. Cibé a ghníonn an
fordheargadh file, is dó féin is cóir a mhíniú, agus ós
mé a chum, is mé a chiallós!’

Lig Aodh ísealosna ochóin as gur bhreathnaigh
faoi agus thairis ach smid ní dúirt.

D’iaigh an chliar um Dhallán go ndúradar
d’aitheasc aonfhir, ‘Labhair, a aitheascail, labhair!’

A earr adha, a Aodh a dúirt mé leat, sin le rá gur
tú earr oinigh agus gaisce Éireann.

‘*A dhaigh dhána dhúr* a dúirt mé leat — focal eile ar *daigh* an focal *niamh* agus is niamh dhána tusa i gcathaibh.

‘*A mhaith mar mhuir mhóir* a dúirt mé leat, sin le rá dá mba leat maoin is maitheas na mara, dháilfeá ar aos éigse is ealaíon é.

‘*A ghrian d’aithle a reann* a dúirt mé leat, sin le rá gur tú an ghrian tar éis a reanna a fhágáil; sin é an uair is fearr a dealbh agus ní fearr a dealbh ná do dhealbhsa.

‘*A chlár fichill fhionn* a dúirt mé leat, sin le rá dá mbeadh seacht bhfoirne fichill ag duine amháin nárbh fhearrde dó é agus gan clár ar bith aige óir is tusa clár cothaithe is coinmhidh fhear nÉireann.’

‘Is mór an soilsíú dom an méid sin,’ arsa Rí Oiriall, ‘agus béarfadsa crodh duit ar son an tsoilsithe agus ceathra ar son an duain.’

‘Tabhair, má ghlactar uait,’ arsa Dallán. ‘Ach fuirigh go fóill óir rinneas duan eile molta don sciath.’

Lig Aodh ísealosna ochóin eile as gur bhreathnaigh faoi agus thairis ach smid ní dúirt go ceann ala óir níor mhian leis toibhéim ná tarcaisne a thuilleamh uaidh.

‘Ní ab fhearr liom,’ a deir sé ar deireadh, ‘ná cluas a thabhairt don duan sin, a Dhalláin, níl le fáil faoi rothaí na gréine. Abair leat!’

Ghabh Dallán an duan:

Aodh suithchearn, seal seagh,
A shlaidheann a sciath,
Reabh tonn a reann reabh,
Ceann ár dtreabh is ár dtriath.

Béarfam¹ a cruth dian
Thar gach fionnsruth fial,
Mochean tnúth goin triath,
Mo sciath sceo a sciath.

Sciath bhreac bhiata bran,
Géiseann Badhbh dá bruach,
Sciath chomhadhbhal chaomh
Atá ag Aodh mac Duach.

Béarfam ó mhac Duach,
Roimh dhul dúinn ar caoi,
Sciath chomhábhal chaomh —
Dom ó Aodh ar m'aoi.²

‘Dar m’anam, a Dhalláin,’ arsa Aodh, ‘ach gur breá an duan í sin féin — an té a thuigfeadh í — agus is ór agus airgead, seoda agus maoinne is cuí faoina comhair. Gheobhairse sin uaimse.’

‘Ní bhfaighidh,’ arsa Dallán go borb, ‘óir ní do sheodaibh ná do mhaoinibh ach don sciath a rinneas

¹ Béarfam: béarfaimid.

² Is ionann *aoi* anseo agus *dán* nó *aiste filíochta*.

mo dhuán. Go deimhin, tá an treas duán déanta agam di!’

Níor éist Aodh lena cloisteáil.

‘Is cinnte,’ a deir sé, ‘gur breá an duán í sin freisin, a Dhalláin, agus ceannóidh mise chomh maith céanna í le hór agus le hairgead gan choigil, agus céad de gach crodh duit ar a son.’

‘Is maith sin,’ arsa Dallán, ‘ach más maith féin, níor luadh fós ó thús an tsaoil séad de shéadaibh an domhain as béal duine ar a nglacfainnse aon ní eile ach an Dubhghiolla féin.’

Ba dhífhulaing agus ba dho-iompair le hAodh an méid sin go ndúirt i ndeireadh na péice: ‘Sciath ní gheobhair ach mo dhon is mo dhoghrainn!’

Spréach agus spadhar Dallán.

‘Don agus doghrainn, ru! Nach leor nimh mo theanga gan í a ghríosadh, a Aoidín, nár daoradh riamh — ní hea, nár daoradh *fós* — as ainfhéile ná easáin?’³

Ní dhearna Aodh ach Dubhghiolla a tharraingt chuige gur chuir ina seasamh idir é féin agus Dallán í.

‘Crap leat, a Dhalláin. Crap leat!’

‘Más siúd é an cás é, aorfaidh mé thú!’ arsa Dallán.

‘Feartha agus míorúiltí Rí Neimhe is Talún uaimse i d’aghaidh, a Dhalláin, do mo shaoradh is do m’anacal ort!’

³ Easáin: deoraí a dhíibirt; féile a eiteach.